# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T2 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 04

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Cluiche a ríomhchlárú

**An tasc a bhí á mheas:** Roghnaigh an scoláire labhairt faoi agus taispeántas a thabhairt ar conas cluiche shimplí a ríomhchlárú.

**Formáid:** Tras fhormáid - Cur i láthair agus freagairt phearsanta ar spreagthach

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Cumas Cumarsáide:

**Labhairt**

- **1.13** focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn.
- **1.14** taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge.
- **1.15** a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin.

**Idirghníomhú cainte**

- **1.20** freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
- **1.21** cumarsáid a choimeád sa súil agus déileáil le deacrachtaí tuisceana.
- **1.22** soiléiriú nó athrá a lorg
- **1.24** cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**Feasacht Teanga Agus Chultúrtha**

- **2.3** pátrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail &rl a aithint agus a úsáid.

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

- **3.3** cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Réitigh an scoláire clár ríomhaireachta bunaithe ar chluiche. Rinne sé taighde i bhfoclóir crua agus ar www.téarma.ie ar théarmaí ríomhaireachta agus ar théarmaí chluichí.

Rinne sé cur i láthair inar labhair sé faoi na céimeanna le tógaint chun an cluiche a ríomh.

D'fhreagair sé ceisteanna ag an deireadh mar gheall ar an spéis a bhí aige sa ríomhchlárú.

## Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

### Cumas cumarsáide:

Bhí cumas cumarsáide an-mhaith ag an scoláire seo agus é ag míniú cluiche a chruthú. Léirigh sé dul na teanga ag leibhéal cuíosach maith. Bhí sé soiléir go raibh fios a cheirde ar na ríomhairí aige. Bhí an scoláire seo sásta tabhairt faoin MRB ach bhí sé beagáinín neirbhíseach.

### Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Bhí tuiscint mhaith aige ar na ceisteanna a cuireadh agus rinne sé iarracht a fhreagraí a fhorbairt. Bhí sé beagáinín stadach.

### Feasacht teanga:

Bhí feasacht teanga an-mhaith ag an scoláire sa script a d'ullmhaigh sé don phíosa cainte. Bhí tuiscint mhaith go leor ag an scoláire seo ar phatrúin agus ar chomhréir na Gaeilge ina phíosa cainte. Bhí earráidí comhréire agus botúin ghramadaí anseo is ansiúd aige. Nuair a bhí sé ag labhairt, thug sé faoin bhféincheartú uaireanta. Bhí sé soiléir go raibh taighde déanta aige ar théarmaí ríomhaireachta agus ríomhchlárach, a chuir go mór lena chur i láthair.

**Tuairiscín:** Os cionn na n-ionchas

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill